Preaseisiúint FRA

Vín/an Bhruiséil, 16 Márta 2016

Cuireann tuairimí míchearta agus tuairimí as dáta i leith daoine LGBT a gcearta bunúsacha i mbaol

I roinnt Ballstát, tá dochtúirí den tuairim fós gur galar í an homaighnéasacht agus gur neamhord meabhrach í an trasinscneacht, de réir na dtorthaí ar thuarascáil nua ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Na tuairimí diúltacha sin i measc grúpaí gairmiúla agus an lucht déanta beartas i leith daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha (LGBT) sa tsochaí, cuireann siad bac ar iarrachtaí cur in aghaidh an idirdhealaithe agus na fuathchoireachta. Sa chéad suirbhé comparáideach riamh a rinneadh i 19 mBallstát ar thuairimí oifigeach poiblí, oifigeach sláinte, múinteoirí agus póilíní, admhaíodh den chuid ba mhó an tionchar dearfach a bhí ag tionscnaimh AE. D'aithin siad freisin, áfach, go gcuireann an easpa faisnéise agus oiliúna gairmiúla atá ann maidir le riachtanais na ndaoine LGBT cosc orthu gníomhú chun cur in aghaidh an idirdhealaithe a mbíonn daoine LGBT ag déileáil leis ar bhonn leanúnach.

"Tá na cearta céanna ag daoine LGBT chun oideachais, chun cúraim shláinte agus chun caitheamh cothrom agus atá ag daoine eile. Tá an ceart acu freisin a saol a mhaireachtáil le dínit agus saor ó eagla agus ó idirdhealú," a deir Michael O'Flaherty, Stiúrthóir FRA. *"Léirítear sna torthaí is déanaí ó FRA go bhfuil roinnt dochtúirí den tuairim mhícheart fós gur galar í an homaighnéasacht. Leagtar béim sna torthaí gur gá don AE agus dá Bhallstáit cumhacht a thabhairt d'oifigigh phoiblí gníomhú de bhun a ndualgais le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar chun deireadh a chur leis an bhfulaingt a eispéiríonn cuid mhaith daoine LGBT."*

Labhair FRA leis na grúpaí gairmiúla atá sa riocht is fearr chun sainaithint a dhéanamh ar na baic le beartais um chearta bunúsacha a chur chun feidhme ar an láthair agus ar na nithe a bhrúnn cur chun feidhme na gceart sin chun cinn. Áirítear na nithe seo le cuid de na príomhthorthaí a tháinig aníos, nithe is féidir a aimsiú sa tuarascáil '*Professionally speaking: challenges to achieving equality for LGBT people*':

- I gcásanna áirithe, bíonn tuairim naimhdeach ag an tsochaí i leith daoine LGBT agus bíonn claontachtaí ag gairmithe sláinte, amhail a bheith den tuairim gur galar is féidir a thógáil í an homaighnéasacht. Leagann sé sin béim ar an ngá atá ann le **feachtais níos dearfaí mhúscailte feasachta a reáchtáil ag leibhéal an AE agus ag leibhéal náisiúnta**, amhail i liosta gníomhartha an AE chun meas ar dhaoine LGBT agus ar a gcearta a fheabhsú.

- Tá leibhéil ísle feasachta agus eolais ag gach grúpa gairmiúil ar riachtanais daoine LGBT. Leagann sé sin béim ar an tábhacht a bhaineann le **hoiliúint ghairmiúil** agus **le comhpháirtíochtaí agus comhar sochaí sibhialta** maidir le cur in aghaidh na claontachta, go háirithe an chlaontacht in aghaidh daoine trasinscneacha i gcúram sláinte, agus maidir leis an ardleibhéal seirbhíse a mbaineann formhór na ndaoine eile leas as a sholáthar do dhaoine LGBT ar bhealach níos fearr.
- Is féidir leis an easpa faisnéise oibiachtúla, i scoileanna go háirithe, a bheith ina cúis le bulaíocht agus le claontacht tráth níos déanaí sa saol agus is féidir léi freisin brú a chur ar ógánaigh LGBT a gclaonadh gnéis/a bhféiniúlacht inscne a fholú. Ba cheart do Bhallstáit oibriú le húdaráis oideachais agus le scoileanna chun feachtais spriocdhírithe a cheapadh chun **cabhrú le scoileanna a bheith ina n-áiteanna níos sábháilte agus níos neamhdhíobhálaí do dhaoine LGBT**.
- Is minic nach ndéantar fuathchoireanna in aghaidh daoine LGBT a aithint, a thuairisciú agus a thaifeadadh. Ba cheart do Bhallstáit tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh a chinntiú go n-achtaítear go cuí na dlíthe **lena gcosnaítear i gcoinne na fuathchoireachta** agus go ndéantar tuilleadh iarrachtaí le feabhas a chur ar thuairisciú na bhfuathchoireanna in aghaidh daoine LGBT ba cheart a thaifeadadh.

Sa tuarascáil, rinneadh suirbhé ar oifigigh phoiblí, ar dhochtúirí, ar mhúinteoirí agus ar phóilíní faoi na dlíthe agus na beartais a n-éiríonn leo agus nach n-éiríonn leo, agus cén fáth a n-éiríonn leo agus nach n-éiríonn leo, maidir le cearta daoine LGBT a chosaint agus a chur chun cinn. Is féidir forbhreathnú cuimsitheach ar fud an AE ar dhlíthe agus beartais a bhaineann le cúrsaí LGBT a fháil i dtuarascáil ó FRA a seoladh i mí na Nollag 2015. Féachtar sa tuarascáil sin freisin ar na fadhbanna a mbíonn roimh dhaoine idirghnéasacha.

Comhlánaíonn na torthaí sa tuarascáil na torthaí ar an suirbhé ceannródaíoch ó FRA ar chúrsaí LGBT san AE, áit ar nochtadh eagla agus idirdhealú ar mhórscála i measc daoine LGBT ar fud an AE. Beidh an tacar sonraí iomlán ón suirbhé ar fáil níos déanaí i mbliana.

Chun an tuarascáil a léamh, féach: *Professionally speaking: challenges to achieving equality for LGBT people*.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh i dteagmháil le do thoil le:
media@fra.europa.eu
Teil.: +43 1 580 30 642

Nótaí d'eagarthóirí:

- Cuireann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) comhairle fhianaisebhunaithe ar fáil do lucht déanta beartas an AE agus náisiúnta, rud a chuireann le díospóireachtaí agus beartais níos eolaí agus níos spriocdhírithe ar chearta bunúsacha.

- Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin obair a dhéanann FRA ar chúrsaí LGBTI, féach láithreán gréasáin FRA.
- Tá na torthaí bunaithe ar agallaimh a rinneadh sa bhliain 2013 le breis agus 1000 duine, lena n-áiríodh oifigigh phoiblí, gairmithe um fhorfheidhmiú an dlí, gairmithe oideachais agus gairmithe cúram sláinte i 19 mBallstát de chuid an AE: an Ostair, an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe.
- Ag cruinniú de chuid mheitheal oibre FRA ar thuairisciú agus taifeadadh na fuathchoireachta san AE a fheabhsú, rud a bheidh ar siúl in Amstardam ar 28 agus ar 29 Aibreán, déanfar an fhuathchoireacht in aghaidh daoine LGBTI a phlé go sonrach freisin.